# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 27 Meitheamh – 3 Iúil 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eoghan Ó Cadhla 087-6951318

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 27 Meitheamh ar a 7.30in**
**Intinn:** Joe Ruiséal, Cill Chuáin, 2ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 28 Meitheamh ar a 10.00rn**
**Intinn:** Máirín Uí Bheaglaoich, Baile an Chaladh, 1ú C.B.

**Guí an Phobail**
Tadhg Ó Gairbhia, Baile an Lochaigh agus Loch Gorman, a fuair bás le déanaí. Frances Ní Bheoláin, Ard na Caithne 2ú C.B. agus a tuismitheoirí Máire agus Art Ó Beoláin agus Muintir Uí Bheoláin agus Finnucane, atá ar shlí na fírinne.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 5 Iúil ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 5 Iúil ar a 10.00rn**

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 7.00in,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

**Aifreann Beo ar Raidió na Gaeltachta**
Beidh Aifreann á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta ó Shéipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 12 Iúil ar a 11.00rn. **Ní bheidh Aifreann ar a 10.00rn an lá seo.**

Tá **gléas Buail agus Tabhair** i Séipéal Naomh Uinseann anois, is féidir airgead a thabhairt don bparóiste le do chárta bainc, €2, €5, €10, nó €20.

**Bailiúchán Speisialta do shagairt atá breoite nó éirithe as**
Beidh bailiúchán speisialta an deireadh seachtaine seo chugainn, **4/5 Iúil** do shagairt atá breoite nó éirithe as. Úsáidtear an t-airgead seo do sagairt sa deoise atá éirithe as tar éis blianta fada ag obair nó dóibh siúd gur theip a sláinte orthu. Tá sagairt na Deoise an-bhuíoch as an dtacaíocht a thugann sibh don gciste seo. Tá clúdaigh sna séipéil don gciste seo.

**Carlo Acutis – Aifreann Míosúil agus Beannú le Taisí Carlo Acutis**
Beidh Aifreann agus deabhóidí i Seipéal Naomh Uinseann**, Déardaoin, 2 Iúil, ar a 7.00in**. Beidh Adhradh, an Choróin Mhuire agus paidreacha eile ann óna 6.00in.
***'Ní mise ach Dia'.***

**Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige**
Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo.

**Oilithreacht** go Avellino, San Giovanni Rotondo, Pompeii, **25 Lúnasa – 1 Meán Fómhair.** Stiúrthóir Spioradálta - An tAthair Eoghan. Gach Eolas ó Ann Fehan 087-2738103.
**Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire**
Beidh Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire ar siúl, 22 Lúnasa. Beidh bus ag dul ann ón nDaingean. Cuir glaoch ar 066-9151208 má tá spéis agat dul ann.

**Cúrsa Aclaíochta**
Tá Cúrsa Aclaíochta (8 sheisiún) á eagrú ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE), a chabhróidh le sláinte na gcnámh agus cúrsaí siúil. Beidh an cúrsa seo ar siúl i Halla Pobail Lios Póil ag tosnú Dé Máirt, 14 Iúil óna 10.00 – 11.00rn. Tá sé riachtanach d'áit a chur in áirithe roimh ré. Gach eolas ó Sharon 085-2537742.

**Guí Eighneacháin Naofa (Iognáid Loyola)**

A Anam Chríost, naomhaigh mé, a Choirp Chríost slánaigh mé, a Fhuil Chríost meiscigh mé, a Uisce ó thaobh Chríost nigh mé; a Pháis Chríost neartaigh mé, a Íosa fhónta éist liom, i measc do Chréacht folaigh mé. Ná lig dom scarúint leat. Ar an namhaid mhallaithe cosain mé, Ar uair mo bháis glaoigh chughat mé, agus ordaigh dom teacht ag triall ort, chun go mbeidh mé ad mholadh i measc na naomh. Tré shaol na saol. Amen.

**Naomh Tomás Aspal (3 Iúil)**

Tomás duine den dháréag aspal a roghnaigh an Tiarna Íosa. Tá cáil air go háirithe mar "Thomás an Amhrais" mar nár chreid sé go raibh Íosa éirithe ós na mairbh. Thaispeáin ár dTiarna Íosa Críost é féin do Thomás agus d'fhreagair sé leis na briathra *"Mo Thiarna agus mo Dhia!"* Toisc go raibh omós ar leith ag ár sínsear don bhfreagra a thug Naomh Tomás tá sé ceadaithe in Éirinn iad a úsáid mar fhreagra do Rúndiamhair an Chreidimh. De réir an traidisiúin, chraobhscaoil Tomás an soiscéal san Ind, agus tá pobail ársa ann a mhaíonn gur Naomh Tomás a d'oibrigh sna ceantair san. Dúirt Íosa le Tomás: *De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.*" (Eoin 20:29)

**Lá 'le Peadar agus Pól (29 Meitheamh) - Turas Chnoc Bréanainn**

Láthair mhór oilithreachta ba ea iarrthar Dhuibhnech siar sna haoiseanna agus ba cheann de na turasanna ba mhó cáil sa tír é turas Chnoc Bréanainn…. Toradh amháin a bhí ar iarracht an easpaig (Dáithí Ó Muircheartaigh – Turas cáiliúil 28 Meitheamh, 1868) is ea gur tosaíodh in dhiaidh sin ar an dturas a thabhairt ar an 29ú Meitheamh, Lá 'le Peadar is Pól…..
**Bréanainn – an Naomh, an Cnoc, an Fhilíocht le Pádraig Ó hÉalaí.**

**Ceolchoirm -** ceolchoirm le Damien Dempsey, Lumiere agus Gerry O'Beirne agus Cúl Dubh, i **Séipéal Naomh Muire, An Daingean**, Dé hAoine, 3 Iúil. Is ar mhaithe leis an gcarthanacht Billy Riordan Memorial Clinic i Malawi an ceolchoirm seo. Ticéid le fáil ag háitiúil agus ag an ndoras ar an oíche. Costas €35.

**Cúrsa in Oideachas Reiliúnach i mBunscoileanna**

Beidh cúrsa páirt-aimsearach in Oideachas Reiligiúnach i mBunscoileanna á chur ar fáil ag ATU St Angela's, Sligeach. Beidh an cúrsa seo ar siúl ar líne sa bhFómhar. Tá an cáilíocht seo riachtanach chun múineadh i mbunscoileanna caitliceacha. Thuilleadh eolais: E.mary.kearns@atu.ie nó www.atu.ie. Dáta deireanach d'iarrataisí ná **14 Lúnasa, 2026.**

**Glaochanna Comaoineach**

Dé hAoine seo chugainn an Chéad Aoine, 3 Iúil. Glaochanna comaoineach mar seo leanas:

| | |
|---|---|
| Déardaoin, 2 Iúil | Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin |
| Dé hAoine, 3 Iúil | Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin |

**Oíche Charthanachta Dé Domhnaigh, 5 Iúil, ar a 7.00in**Beidh Oíche Charthanachta in Ancient Rituals Studio, Chapel Lane, Cill Áirne, ar mhaithe le teaghlaigh díláithrithe sa Phailistín. Blaiseadh fíona, bia, taispeántas ghrianghrafanna, dánta agus crannchur. Eolas ar na meáin Killarney for Palestine. Costas €45.

**Ciste an Pharóiste €1,135.00**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana**. Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131.**
**Go gCuití Dia go fial libh.**

*Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:*
*Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie*